

Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Cabhair le Ceannach – Treoir Achomair d'Iarratasóirí

Eanáir 2023

Clár na nÁbhar

Réamhrá	3
Cén chaoi a ndéanaim éileamh ar CLC?	3
Cineálacha Iarratasóirí	4
An Próiseas Iarratais	4
Cabhair le Ceannach – Tacaíochtaí COVID-19 (IDP, SFSP) Gearríocaíochtaí	4
1. Céim an Iarratais	6
2. Céim an Éilimh	12
3. Céim fíorúcháin	26

Tabhair do d'aire, is mar áis léirithe amháin atá na scáileáin shamplacha ar fud an doiciméid seo.

Réamhrá

Dearadh an **scéim Cabhair le Ceannach (CLC)** chun cabhrú le ceannaitheoirí céaduaire leis an éarlais a theastaíonn chun maoin cháilitheach a cheannach nó a fhéin-tógáil chun cónaí ann mar a n-áit chónaithe. Foráiltear leis an CLC d'aisíocaíocht Cánach Ioncaim agus Cánach Coinneála ar Ús Taisce (CCÚT) a íoctar sa Stát do na ceithre bliana cánach roimhe, faoi réir na dteorainneacha a bhfuil achoimre orthu sa reachtaíocht (Alt 477C den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997).

Tugadh scéim CLC fheabhsaithe isteach in 2020 mar chuid de phacáiste do Spreagthaí an Rialtas. Tá síneadh breise curtha leis an bhfaoiseamh feabhsaithe CLC agus tá sé le dul in éag anois ar an 31 Nollaig 2024. Sa chás go síníonn na hiarratasóirí conradh chun maoin cáilithíoch a cheannach nó go dtarraingíonn anuas an chéad sciar den mhorgáiste i gcás maoiné féin-tógála le linn na tréimhse idir an 23 Iúil 2020 agus an 31 Nollaig 2024, foráiltear leis an bhfeabhsú seo go mbeidh na hiarratasóirí incháilithe le haghaidh faoiseamh méadaithe faoin scéim CLC go dtí an tsuim is ísle den mhéid seo:

- (1) €30,000 (suas ó €20,000), nó
- (2) An tsuim Cánach Ioncaim agus CCÚT a íocadh thar na ceithre bliana roimh an iarratas a dhéanamh, nó
- (3) 10% (suas ó 5%) de phraghas an cheannaigh nó na luachála i gcás féin-tógála.

Ba chóir an doiciméad seo a léamh in éineacht leis an **Tax and Duty Manual Help to Buy - Part 15-01-46** a thugann breac-chuntas ar riachtanais scéim CLC.

Cén chaoi a ndéanaim éileamh ar CLC?

Ní mór duit éileamh ar CLC a dhéanamh ar líne.

- Más cáiníocóir féinmheasúnaithe amháin thú, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh trí ROS
- Más custaiméir ÍMAT amháin thú, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh trí **mochúrsaí**

Is gá d'iarratasóirí CLC bheith in ann teacht ar **m'Fhiosruithe**, áis teagmhála ar líne trína ligtear do chustaiméirí comhfhreagras leis na Coimisinéirí Ioncaim a sheoladh agus a fháil go slán seachas an ríomhphost a úsáid.

- Más custaiméir gnó ROS thú, féadfaidh tú teacht ar M'Fhiosruithe ón scáileán Mo Sheirbhísí faoi 'Seirbhísí Eile'.
- Más custaiméir ÍMAT amháin thú, féadfaidh tú teacht ar M'Fhiosruithe trí **mochúrsaí**.

Cineálacha Iarratasóirí

Tá dhá chineál iarratasóirí ann a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh ar an dreasacht um Chabhair le Ceannach:

1. Iarratasóirí Ceannaitheoirí Céaduaire

Beidh an t-eolas a sholáthraítear ag céim an iarratais á dheimhniú ag an **bhForbróir / Conraitheoir** ceadaithe ón uair a bheidh conradh sínithe sa tréimhse idir 1 Eanáir 2017 agus 31 Nollaig 2022 chun maoin a cheannach. Íocfar an aisíocaíocht leis an bhForbróir/Conraitheoir mar chuid den éarlais a iarrtar ar an gceannaitheoir céaduaire.

Is é do chúram é a chinntiú go bhfuil do chonraitheoir cláraithe mar Chonraitheoir Cáilitheach sula gceannaíonn tú do theach.

Tá liosta de na conraitheoirí cáilitheacha cláraithe le feiceáil ar www.revenue.ie faoi CLC.

2. Iarratasóirí ar fhéintógálaithe céaduaire iad.

I gcás ceannaitheora céaduaire a dhéanann maoin nua chónaithe a fhéin-tógáil idir 1 Eanáir 2017 agus 31 Nollaig 2022, beidh an t-eolas a sholáthraítear ag céim an iarratais á dheimhniú ag do **Dhlíodóir**. Íocfar an aisíocaíocht leis an institiúid mhorgáiste. **Níl gá úsáid a bhaint as Conraitheoir Cáilitheach ceadaithe má tá féin-tógáil á déanamh agat.**

An Próiseas Iarratais

Sula ndéanann tú iarratas faoin Dreasacht um Chabhair le Ceannach, ba chóir duit:

- A chinntiú gur 'Conraitheoir Cáilitheach' é do Chonraitheoir sula dtosaíonn tú an próiseas iarratais más ceannaitheoir céaduaire thú.
- A chinntiú go bhfuil do thuarisceáin chánach tíolactha agat agus go bhfuil aon iarmhéid amuigh íoctha agat. (féach nóta thíos maidir le tacaíochtaí COVID-19)

Is gá do **cháiníocóirí ÍMAT** tuairisceán Cánach Ioncaim (Foirm12) a thíolacadh sa chás nach bhfuil sé déanta cheana le haghaidh gach uile bhliain chánach a roghnaítear. Tuairisceáin Cánach Ioncaim Ar Líne (Foirm 12s) do na blianta 2016 ar aghaidh le fáil thríd **mochúrsaí** agus beidh do chuid mionsonraí pá agus cánach ann nuair a osclaíonn tú é. Ba cheart duit fanacht go n-eiseofar Ráiteas Dlíteanas deiridh (P21 roimhe seo) agus aon iarmhéideanna amuigh a íoc sula ndéanann tú d'iarratas.

Ní mór do **cháiníocóirí féinmheasúnaithe** bheith comhlíontach, ríomh-Imréiteach Cánach a bheith acu, agus mar sin go bhfuil íocaíocht agus tíolacadh déanta acu maidir leis na blianta ar dhuine inmhuirearaithe iad. Tá Tuairisceán Cánach Ioncaim (Foirm 11s) ar fáil le haghaidh gach uile bhliain trí ROS.

Cabhair le Ceannach – Tacaíochtaí COVID-19 (IDP, SFSP) Gearríocaíochtaí

I bhfianaise na gcúinsí gan fasach a bhaineann le COVID-19, ceadaíonn na Coimisinéirí Ioncaim aisíocaíocht CLC go lamhálta nuair a bhíonn gearríocaíocht cánach ag iarratasóir i 2020 mar gheall ar ioncam a fuarthas ó:

- Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP)
- Íocaíocht Dífhostaíochta Paidéime (IDP),

Mar sin féin, sa chás go bhfuil dlíteanas gan íoc nach mbaineann leis an IDP nó SFSP ní mór an dlíteanas seo a íoc sula bhféadfaí aisíocaíocht CLC a bheith ar fáil.

Ní bheidh feidhm aige seo ach amháin nuair a shásaítear gach coinníoll eile den scéim CLC.

Tá trí céim i gceist leis an bpróiseas CLC:

1. Céim an Iarratais

Le Feidhmchlár an Cheannaitheora Céaduaire, ligtear duit iarratas a dhéanamh mar dhuine aonair nó mar ghrúpa. Is éard is grúpa ann ná beirt nó níos mó, lena n-áirítear lánúineacha pósta nó lánúineacha i bpáirtnéireacht shibhialta. Ní mór gur ceannaitheoirí céaduaire iad gach ball de do ghrúpa. Ní mór gach páirtí sa chonradh a chur san áireamh ar an iarratas.

Déanfar seiceálacha córasacha le cinntiú go bhfuil tú comhlíontach ó thaobh cánach de. Má tá tú comhlíontach, tabharfar achoimre duit ar a léireofar uimhir iarratais agus an t-uasfaoiseamh cánach atá dlite bunaithe ar an gcáin a d'íoc tú. Seolfar cód rochtana chuig do bhosca isteach in m'Fhiosruithe. Ba chóir duit iad seo a choinneáil slán mar go mbeidh siad ag teastáil uait chun an próiseas a chomhlánú.

Nóta – tá an t-uasfaoiseamh deiridh atá ar fáil duit ag brath ar an scéim CLC a cháilíonn tú di, an bunscéim CLC nó an scéin fheabhsaithe mar a leagtar amach thíos. Deimhneofar é seo ag céim an éilimh.

Bunscéim CLC – nuair a rinne tú conradh chun maoin cháilitheach a cheannach nó an chéad tráinse de do mhorgáiste a tharraingt anuas idir 1 Eanáir 2017 agus 22 Iúil 2020.

Beidh an faoiseamh uasta CLC a bhfuil tú i dteideal a fháil bunaithe ar an gceann is lú de:

- i. €20,000, nó
- ii. 5% de phraghas ceannaigh/luach do réadmhaoine, nó
- iii. an tsuim cánach ioncaim agus CCÚT a íocadh thar na ceithre bliana roimh an iarratas a dhéanamh.

nó

Scéim CLC feabhsaithe - Sa chás go ndéanann na hiarratasóirí conradh chun maoin cáilitheacha a cheannach, nó go dtarraingíonn anuas an chéad sciar den mhorgáiste i gcás maoine féin-tógála le linn na tréimhse idir an 23 Iúil 2020 agus an 31 Nollaig 2022, foráiltear leis an bhfeabhsú seo go mbeidh na hiarratasóirí incháilithe le haghaidh faoiseamh méadaithe faoin scéim CLC.

Beidh an faoiseamh uasta CLC a bhfuil tú i dteideal a fháil bunaithe ar an gceann is lú de:

- €30,000, nó
- 10% de phraghas ceannaigh/luach do réadmhaoin, nó
- an tsuim cánach ioncaim agus CCÚT a íocadh thar na ceithre bliana roimh an iarratas a dhéanamh.

2. Céim an Éilimh

Mar chuid den phróiseas éilimh, beidh ort sonraí a sholáthar i dtaca leis an maoin atá tú (nó atá do ghrúpa) ag ceannach agus sonraí do mhorgáiste a dheimhniú. Déanfar an faoiseamh cánach a ríomh agus cuirfear an huasmhéid CLC atá ar fáil in iúl duit agus tabharfar Uimhir Tagartha éilimh duit. Eiseofar é seo duit trí M'Fhiosruithe.

3. Céim Fíorúcháin

Sula ndéantar aisíocaíocht, ní mór do dhuine de na daoine seo a leanas an t-eolas a chur tú ar fáil a dheimhniú:

- d'Fhorbróir / Chonraitheoir i gcás go bhfuil tú ag ceannach maoin nua,
- do dlíodóir, más féin-tógáil atá tú.


Ní mór duit d'Uimhir Éilimh (arna eisiúint tar éis céim an éilimh) agus Cód Rochtana (eisiúint nuair a faomhfar d'iarratas) a sholáthar don fhíoraitheoir incháilithe.

Tá teorainn 10% ar an aisíocaíocht a gheobhaidh tú (5% faoin bunscéim CLC) de luach an cheannaigh nó luach cheadaithe na maoine.

Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé difriúil ó uasmhéid an faoiseamh a moladh duit ag céim an iarratais.

Treoir maidir leis an gcóras CLC ar Líne

1. Céim an iarratais



Léaráid 1. Tosú ar iarratas CLC

Má tá teach nó árasán á cheannach nó á thógáil ag níos mó ná duine amháin, is féidir le grúpa iarratas a dhéanamh ar CLC. Is éard is grúpa ann ná beirt nó níos mó, lena n-áirítear lánúineacha pósta nó lánúineacha i bpáirtnéireacht shibhialta. Féadfaidh triúr cáiníocóirí gaolta nó neamhghaolta bheith ann freisin. Ní mór gur ceannaitheoirí céaduaire iad gach duine sa ghrúpa le go mbeidh an grúpa incháilithe do CLC. Ní mór gach páirtí sa chonradh a chur san áireamh ar an iarratas CLC.

Ar an dara scáileán, roghnóidh tú ar mian leat iarratas a dhéanamh mar dhuine aonair nó mar ghrúpa.



Léaráid 2. Iarratas a dhéanamh mar dhuine aonair nó mar ghrúpa

Iarratais Ghrúpa

Más mian leat cur isteach ar CLC mar chuid de ghrúpa, cliceáil ar an gcnaipe 'Cuir leis' agus cuir isteach ainmneacha agus Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) na mball eile den ghrúpa. Gheobhaidh baill an ghrúpa fógra ina mbosca isteach in M'Fhiosruithe ag tabhairt cuireadh dóibh teacht isteach sa ghrúpa.

Fanfaidh stádas d'iarratais mar 'ar feitheamh' go dtí go mbeidh a gcuidsean féin den phróiseas curtha i gcrích ag gach uile dhuine sa ghrúpa.



Iarratas um Chabhair ag Ceannach

Cruthaigh grúpa

Cuir leis sonra gach ball grúpa fanta thíos.

Ainm (Uimhir PSP) Cuir leis +

Aonair 1

Ar Aghaidh →

Léaráid 3. Cruthaigh grúpa



Cuir ball grúpa leis

Ainm


Uimhir PSP

Sampla: 1234567AA nó 1234567A

Sábháil →

Léaráid 4. Cuir baill leis an ngrúpa

Má chuir ball eile den ghrúpa leis an ngrúpa thú, léireofar an scáileán 'Teacht isteach i nGrúpa' tar éis an 'Scáileáin Eolais'. Beidh gach ball den ghrúpa le feiceáil i liosta agus ní mór rogha a dhéanamh teacht isteach sa ghrúpa nó gan teacht.



Iarratas um Chabhair ag Ceannach

Bí i do bhall de ghrúpa

Cuireadh d'ainm leis an ngrúpa Cabhair ag Ceannach leis na baill seo a leanas:

1. Aonair 1
2. Aonair 2

Ar mhaith leat a bheith sa ghrúpa seo?

Ba mhaith Níor mhaith

[▶ Céard is grúpa ann?](#)

[Ar Aghaidh →](#)

Léaráid 5. Teacht isteach i nGrúpa

Dearbhú

Beidh ar gach duine aonair agus ar gach ball den ghrúpa dearbhú a thabhairt gur ceannaitheoirí céaduaire iad agus go bhfuil siad incháilithe don dreasacht um Chabhair le Ceannach.



← Siar Iarratas um Chabhair ag Ceannach

Dearbhú

Tá incháilitheacht le hiarratas a dhéanamh ar dhreasacht um Chabhair ag Ceannach bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- ní mór duit a bheith i do cheannaitheoir céaduaire tí
- is gá go mbeadh costas an tí níos lú ná €500,000
- is gá an mhaoin a úsáid mar theach cónaithe
- is gá go mbeadh cóimheas idir iasacht agus luach an mhorgáiste ar an maoin 70% nó níos mó
- má tá tú ag ceannach, go bhfuil tú ag ceannach ó chonraitheoir incháilithe

Dearbháim gur ceannaitheoir céaduaire mé agus go bhfuil mé incháilithe don dreasacht um Chabhair ag Ceannach. Tuigim, trí iarratas a dhéanamh faoin scéim seo, go ndéanfar mo shonraí pearsanta a phróiseáil agus go mbeidh mé ag tabhairt sonraí pearsanta áirithe do tríú partaí ábhartha.

[▶ Cad is brí leis seo?](#)

[Ar Aghaidh →](#)

Léaráid 6. Dearbhú Cabhair le Ceannach (CLC)

Blianta a roghnú

Mar chuid den ríomh a dhéantar ar d'uasfaoiseamh, ní mór duit ar a laghad bliain amháin a roghnú. Féadfaidh tú suas le ceithre bliana ar a mhéad a roghnú.

Iarratas um Chabhair ag Ceannach

Sonraí an fhaoisimh

Roghnaigh na blianta gur mian leat a úsáid mar chuid de do ríomh aisiocaíochta um Chabhair ag Ceannach. Ní mór duit ar a laghad bliain amháin a roghnú agus féadfaidh tú suas le huasmhéid ceithre bliana a roghnú.

<input type="checkbox"/> 2018	<input type="checkbox"/> 2019
<input type="checkbox"/> 2020	<input type="checkbox"/> 2021

[Cén fáth go bhfuil sé seo tábhachtach?](#)

[Ar Aghaidh →](#)

Léaráid 7. Ríomh na haisíocaíochta ceithre bliana CLC

Iarratas um Chabhair ag Ceannach

Achoimre

An bhfuil na sonraí seo ceart?

Dearbhú

- Dearbhaim gur ceannaitheoir céaduaire mé agus go bhfuil mé incháilithe don dreasacht um Chabhair ag Ceannach. Tuigim, trí iarratas a dhéanamh faoin scéim seo, go ndéanfar mo shonraí pearsanta a phróiseáil agus go mbeidh mé ag tabhairt sonraí pearsanta áirithe do tríú partaí ábhartha.

Sonraí an fhaoisimh

Tréimhsí cánaigh roghnaithe 2018 , 2019 , 2020 , 2021

Faisnéis thábhachtach

Ní ionann an leathanach achoimre seo agus éileamh ar an DCC go dtí go gcuirtear isteach na sonraí seo. Cinntigh gur [conraitheoir incháilithe](#) do chonraitheoir sula gceannalonn tú do theach.

[Seol Isteach →](#)

Léaráid 8. Achomair CLC

Sínigh & Tíolaic

Deimhniú [Cabhair](#)

Cuir isteach Pasfhocal

Sínigh & Tíolaic

0%

Léaráid 9. Sínigh agus Tíolaic d'iarratas CLC (i ROS)

Iarratas um Chabhair ag Ceannach

Admháil

Deimhneoid go bhfuil do ghnóthaí cánach i gceart agus gur éirigh le d'iarratas ar Chabhair ag Ceannach.

Beidh an cód iarratais atá leagtha amach thíos ag teastáil uait chun éileamh a dhéanamh. Tá d'uasmhéid faoisimh agus dáta éaga d'éilimh taispeáinte thíos freisin.

Sonraí an Iarratais

Cód an Iarratais:	A00001158
Is Ionann uasmhéid d'faoisimh agus:	€12,450.00
Dáta éagtha:	31/12/2022

Tuilleadh faisnéise

Seoladh tailfead de seo chuig do Thailfead Fiosraithe M'Fhiosruithe /ROS. D'fhoill go ndeimhneoidh do chonraitheoir incháilithe nó do sholáitreacha mhoráiste an uasmhéid faoisimh ar fáil duit, beidh ort do chód iarratais (ar fáil thuas) agus d'uimhir rochtana Cabhair ag Ceannach (i do thailfead M'Fhiosruithe) a thabhairt dóibh.

Ní bheidh d'fhaoiseamh iarbhair níos mó ná 5% de luach ceannaigh na háite cónaithe cáilithe (nó 10% má shínlonn tú conarthaí nó an chéad sciar d'iasacht cháilitheach i leith féin-thógála a tharraingt aníos, idir an 23/07/2020 agus an 31/12/2022). Ní mór duit a chinntiú go bhfuil do chonraitheoir cláraithe mar chonraitheoir cáilitheach sula gceannáilonn tú do theach.

Nóta tábhachtach: Ar an 23/07/2020, mhéadaigh an rialtas uasteoráil an fhaoisimh Cabhair le Ceannach go €30,000 faoi réir coinníollacha áirithe a bheith comhlíonta. Chun leas a bhalnt as na teorainneacha méadaithe seo ní mór d'iarratasóirí conradh a bheith sinithe acu chun teach nua a cheannach nó an chéad sciar den mhorgáiste a bheith iostamálaithe i gcás teach a féin-thógáil le linn na tréimhse ón 23 Iúil 2020 go dtí an 31 Nollaig 2022. Deimhneofar é seo ag céim an éilimh. Mura bhfuil na bearta feabhsaithe infheicimithe, is é €20,000 an t-uasfhaoiseamh atá ar fáil.

[Dún](#)

[Téigh ar aghaidh go dtí éileamh →](#)

Léaráid 10. Admháil CLC

Is é uasmhéid an fhaoisimh atá ar fáil. Na €20,000 in aghaidh na maoin faoin bunscéim CLC nó €30,000 nuair a shásaíonn tú na coinníollacha feabhsaithe CLC (m.sh conradh a dhéanamh chun teach a cheannach nó an chéad tráinse den mhorgáiste a tharraingt anuas le linn na tréimhse 23 Iúil 2020 go 31 Nollaig 2022).

Nuair a dhéanann grúpa an t-iarratas, féadfaidh ball ar bith den ghrúpa an faoiseamh cánach a leithroinnt idir gach ball den ghrúpa – déantar an leithroinnt seo ag céim an éilimh den phróiseas CLC.

2. Céim an Éilimh

Ní féidir leat dul ar aghaidh go dtí an Chéim Éilimh. ach amháin tar éis ceachtar acu seo:

- Síníodh conradh má tá maoin nua a cheannach agat, nó
- An chéad tráinse de do mhorgáiste a tarraing anuas más féin-tógáil é.

Logáil isteach chuig CLC trí **mochúrsaí** nó ROS chun d'éileamh a dhéanamh. Iarrfar ort sonraí a bhaineann leis an maoin, an praghas ceannaigh, an dáta críochnaithe, sonraí an mhorgáiste, agus an ús a íocadh cheana féin a dheimhniú. **Níor chóir maoiniú scairbhunaithe chomhroinnte a fhaightear ón Stát a chur san áireamh agus suim an mhorgáiste á iontráil. Ní mór duit na doiciméid tacaíochta a thíolacadh mar seo a leanas:**

Teach a cheannach

- Uaslódáil fianaise ar do morgáiste (lena n-áirítear an litir thairisceana agus an fhoirm glactha sínithe, ar cheart di ainm na hinstitiúide morgáiste, na hiarratasóirí morgáiste, méid an mhorgáiste agus seoladh na maoine a lua).
- Cóip den chonradh (nó conarthaí) sínithe (ag an dá pháirtí) agus dátaithe leis an bhforbróir.

nó

Féin-tógáil teach

- Uaslódáil fianaise ar do morgáiste (lena n-áirítear an litir thairisceana agus an fhoirm glactha sínithe, ar cheart di ainm na hinstitiúide morgáiste, na hiarratasóirí morgáiste, méid an mhorgáiste agus seoladh na maoine a lua).
- Fianaise ar an dáta ar tarraingíodh anuas an chéad sciar den mhorgáiste.
- Cóip den tuairisc luachála ó d'iasachtóir.

Beidh ar iarratasóirí grúpa eolas a sholáthar i dtaca le méideanna gach sciar den aisíocaíocht atá dlite do gach ball den ghrúpa. Beidh ar iarratasóirí féin-tógála sonraí BIC agus IBAN an chuntais iasachta bainc cháilithigh a sholáthar. Ón uair a bheidh d'éileamh tíolactha agat, cuirfear Uimhir Iarratais ar fáil duit.

Cinntigh go ndéanfaidh tú an t-eolas ar fad a chuireann tú isteach a sheiceáil sula ndéanann tú an t-éileamh a shíniú agus a thíolacadh.



Léaráid 11. Iarratas ar Éileamh CLC

Más mian leat breathnú ar admháil d'iarratais CLC, cliceáil ar 'Féach'.

Ní mór go bhfaighfí d'iarratas roimh an **dáta éaga** a léirítear ar d'admháil CLC (Féach Léaráid 10 thuas). Mura bhfaightear é roimh an dáta éaga, beidh ort iarratas nua a dhéanamh.

Dearbhú sealbhóir morgáiste

Éileamh um Chúnamh chun Ceannaigh

Dearbhú

Cinntigh go gcuirfeadh san áireamh ar an liosta thíos **ainm gach ceannaltheora atá san áireamh ar chonradh an mhorgáiste.**

Iarrthóir

1. Aonair 1
2. Aonair 2

Ní fhéadfaidh tú dul ar aghaidh leis an éileamh seo mura bhfuil gach comhalta den mhorgáiste ar an liosta thuas. Chun leanúint ar aghaidh ní mór duit d'éileamh a chur ar ceal agus é a thosú arís, ag cinntiú go cruthaíonn tú grúpa le gach comhalta den mhorgáiste.

Deimhním go bhfuil gach comhalta den mhorgáiste ar an liosta thuas.

Nóta tábhachtach: Ar an 23/07/2020 thug an rialtas teorainneacha méadaithe isteach maidir leis na faoisimh is féidir a éileamh ón scéim Cabhair le Ceannach. Chun leas a bhaint as na teorainneacha méadaithe seo féadfaidh sé go gcaithfeadh d'fhaoiseamh a ríomh arís. Mâ thiolaic tú d'iarratas Cabhair le Ceannach roimh an 23/07/2020 ach mâ chreideann tú go gcomhlíonann tú na ceanglais maidir leis na teorainneacha méadaithe, ba chóir duit an t-éileamh seo a chealú, agus d'iarratas a chealú, agus ansin iarratas a dhéanamh arís ar an scéim Cabhair le Ceannach.

[Dearbhalgh →](#)

Léaráid 12. Dearbhú CLC sealbhóirí morgáiste ar maoinne

Ag cur na doiciméid riachtanacha le d'éileamh

Éileamh um Chúnamh chun Ceannaigh

Cuir ceangaltáin leis

Cuir na ceangaltáin ábhartha le d'éileamh. Ní mór do cheannaitheoirí ceaduairé cóipeanna sínithe den chonradh (nó de na conarthaí) chun an teach a dhíol a chur ar fáil, in éineacht le conradh an mhorgáiste lena n-iasachtóir.

Nil aon cheangaltáin curtha leis go fóill.

Ceangall comhad(comhad)

Ar Aghaidh →

Léaráid 13. Cuir na ceangaltáin ábhartha le d'éileamh

D'fhéadfadh go mbeadh ort níos mó ná dhá cheangaltán a chur leis, toisce go bhfuil níos mó ná conradh amháin ag roinnt maoine, m.sh. Conradh chun talamh a dhíol móide conradh chun foirgneamh a dhíol.

Roghnú cibé an bhfuil éileamh chun maoin cháilitheach nó féin thógáil a cheannach

Éileamh um Chúnamh chun Ceannaigh

An mbaineann d'iarratas le teach nua-thógtha a cheannach nó le féintógáil?

Is é is ceannach teach nua-thógtha, teach a cheannach ón bhforbróir maoine. Is é is teach féintógtha, nuair a thógann nó nuair a bhainistíonn tú tógáil an tí ar do shon féin.

Ceannaigh Féintógáil

Ar Aghaidh →

Léaráid 14. Cineál na Maoine – teach nua cháilitheach a cheannach nó a fhéin-tógáil

Dearbhú um Cheannach Céaduaire CLC

Éileamh um Chúnamh chun Ceannaigh

Dearbhú

Le leanúint ar aghaidh leis an éileamh um Chúnamh chun Ceannaigh seo, ní mór duit na ráitis seo a leanas a dhéanamh.

- Deimhním gur iontráil mé/muid iasacht incháilithe.
- Deimhním go mbeidh an mhaoin mar phríomháit chónaithe agam/againn.
- Toilím go n-aisíocfar an aisíocaíocht CCC leis an conraitheoir incháilithe.

[Ar Aghaidh →](#)

Léaráid 15. Cáilíochtaí Éilimh le haghaidh Ceannaigh

Dearbhú um Fhéin-Tógáil Céaduaire CLC

Éileamh um Chúnamh chun Ceannaigh

Dearbhú

Le leanúint ar aghaidh leis an éileamh um Chúnamh chun Ceannaigh seo, ní mór duit na ráitis seo a leanas a dhéanamh.

- Deimhním gur iontráil mé/muid iasacht incháilithe.
- Deimhním go mbeidh an mhaoin mar phríomháit chónaithe agam/againn.

[Ar Aghaidh →](#)

Léaráid 16. Dearbhú Éilimh le haghaidh féin-tógála

Sonraí na Maoine

Mar chuid den phróiseas éilimh, beidh ort sonraí a sholáthar i dtaca leis an maoin atá tú (nó atá do ghrúpa) ag ceannach.

Éileamh um Chóirnamh chun Ceannaigh

Sonraí na maoine

Iontráil na sonraí seo a leanas faoin maoir.

Aitheantas Maoine (roghnach)

► [Cad é an Athheantas Maoine?](#)

Seoladh sráide

Líne Seolta 2 (roghnach)

Seoladh Líne 3

Contae

▼

Eircode (má tá sé ar eolas)

Léaráid 17. Scáileán Sonraí Maoine

Sonraí an Cheannaigh Chéaduaire

Éileamh um Chúnaimh chun Ceannaigh

Sonraí ceannacháin

Iontráil na sonraí seo a leanas faoi cheannach na maoin

Praghas ceannacháin

€

▶ [Cad é an praghas ceannacháin?](#)

Éarlais inioctha

€

▶ [Céard í an éarlais inioctha?](#)

Méid éarlais a íocadh

€

▶ [Céard í an Éarlais íoctha?](#)

Ar Aghaidh →

Léaráid 18. Scáilean Sonraí Ceannaigh do mhaoin nua

Sonraí um Fhéin-tógáil Céaduaire

Is é an praghas ceannaigh ar maoin féin-tógáil an luacháil ceadaithe don maoin ag an iasachtóir de réir rialacha stuamachta an Bhainc Ceannais.

Éileamh um Chúnaimh chun Ceannaigh

Sonraí ceannacháin

Iontráil na sonraí seo a leanas faoi cheannach na maoin

Praghas ceannacháin

€

▶ [Cad é an praghas ceannacháin?](#)

Léaráid 19. Scáilean Sonraí Ceannaigh d'fhéin-tógáil

Sonraí an Morgáiste

Iarrfar ort Institiúid Mhorgáiste a roghnú ó liosta anuas na n-Institiúidí Morgáiste faofa agus sonraí do mhorgáiste a dheimhniú.

Éileamh um Chúnaimh chun Ceannaigh

Sonraí Morgáiste

Iontráil na sonraí morgáiste seo a leanas.

Institiúid morgáiste

Roghnaigh

[▶ Cad é an Institiúid morgáiste?](#)

Uimhir an Iarratais Iasachta

[▶ Cad é uimhir an Iarratais Iasachta?](#)

Méid Iasachta Incháilithe

€

[▶ Cad é méid na hiasachta Incháilithe?](#)

Ar Aghaidh →

Léaráid 20. Scáileán sonraigh Morgáiste - nuair a cheannaítear ó Chonraitheoir Cáilitheach

Éileamh um Chúnaimh chun Ceannaigh

Sonraí Morgáiste

Iontráil na sonraí morgáiste seo a leanas.

Institiúid morgáiste

Roghnaigh

[▶ Cad é an Institiúid morgáiste?](#)

Méid Iasachta Incháilithe

€

[▶ Cad é méid na hiasachta Incháilithe?](#)

Léaráid 21. Sonraí Morgáiste d'fhéin-tógáil

Sonraí cuntais iasachta d'Fhéin-tógáil

Má tá tú ag déanamh éilimh le haghaidh maoin féin-tógála, ní mór sonraí cuntais bainc an chuntais iasachta cháilithigh a sholáthar.

Ní mór go mbainfeadh na sonraí cuntais bainc seo le cuntas bainc in Éirinn le d'institiúid mhorgáiste / iasachtóir.

Éileamh um Chúnamh chun Ceannaigh

Sonraí an chuntais iasachta

Cuir isteach sonraí an chuntais bhainc iasachta ionas gur féidir aisiocaiocht um Chúnamh chun Ceannaigh (más ann dó) a aisioc leis an gcuntas seo.

Ainm shealbhóir an chuntais

BIC

Sampla: AIBKIE2D

IBAN

Sampla: IE29AIBK93115212345678

[► Cén fáth an dteastaíonn an fhaisnéis seo?](#)

[Ar Aghaidh →](#)

Léaráid 22. Scáileán Sonraí Cuntais Iasachta

Éileamh um Chúnamh chun Ceannaigh

Achoimre

An bhfuil na sonraí seo ceart?

Dearbhú

1. Aonair 1
2. Aonair 2

- Deimhním go bhfuil gach comhalta den mhorgáiste ar an liosta thuas.

Culr ceangaltáin leis

Ainm comhaid

90TACD2020 HTB LTV.pdf



Dearbhú

- Deimhním gur iontráil mé/muid iasacht incháilithe.
- Deimhním go mbeidh an mhaoin mar phríomháit chónaithe agam/againn.
- Toilim go n-aisiocfar an aisiocaiocht CCC leis an conraitheoir incháilithe.

Sonraí na maolne

Seoladh na maoinne

1 Príomhshráid, Uíbh Fhailí

Sonraí ceannacháin

Praghas ceannacháin	€350,000.00
Éarlais iníoctha	€35,000.00
Méid éarlais a íocadh	€35,000.00

Sonraí Morgáiste

Institiúid morgáiste	BOI/ICS
Uimhir an iarratais iasachta	15469778
Méid iasachta incháilithe	€300,000.00

Dáta Delmhnigh

An dáta a síníodh conarthaí chun teach a cheannach nó an dáta a tarraingíodh aníos an chéad sciar d'iasachta i leith teach a fhéin-tógáil. 27/01/2022

Tulleadh falsnéise

Cinntigh le do thoil go bhfuil na sonraí a d'iontráil tú ceart. Ní bheidh tú ábalta iad a athrú tar éis an t-éileamh a sheoladh isteach.

[Dearbhaigh →](#)

Uasmhéid Suim Aisíocaíochta

Nuair a dhéanann tú na sonraí ar an Scáileán Achoimre a dheimhniú cuirfear in iúl duit méid iomlán an fhaoisimh cánach atá le haisíoc.



Éileamh um Chúnamh chun Ceannaigh

Méid na haisíocaíochta

Seo an uasmhéid atá á aisíoc.

Aisíocaíocht iomlán	
Méid iomlán na haisíocaíochta	€12,450.00

[Seol Isteach →](#)

Léaráid 24. Méid na haisíocaíochta

Tá méid na haisíocaíochta bunaithe ar an bhfaoiseamh uasta atá ar fáil don duine aonair, ar an bpraghas ceannaigh a cuireadh isteach ar an scáileán Sonraí Ceannaigh agus ar cibé an gcomhlíonann an t-iaratasóir na coinníollacha maidir le faoiseamh feabhsaithe CLC nó an faoiseamh bunscéim CLC. Ní dhéanfar an aisíocaíocht go dtí go mbeidh d'éileamh fíoraithe ag:

- An Forbróir / Conraitheoir, i gcás ceannach teach féin-tógála nua,
- Dlíodóir – ag feidhmiú thar do cheann le haghaidh féin-tógála.

D'Éileamh á thíolacadh





Síníú agus cur isteach slán

Uimhír PSP

Cuir isteach do phasfhocal le haghaidh moChúrsaí

Léaráid 25. Sínigh agus Tíolaic d'éileamh

Cinntigh go ndéanfaidh tú an t-eolas ar fad a chuireann tú isteach a sheiceáil sula ndéanann tú an t-éileamh a shíniú agus a thíolacadh.

Léireofar an scáileán Admhála Éilimh duit tar éis duit d'éileamh a shíniú agus a thíolacadh.

Éileamh um Chúnamh chun Ceannaigh

Admháil

Go raibh maith agat. Seoladh isteach d'éileamh.

Déan nóta cúramach d'uimhir thagartha an éilimh. Beidh sé seo, mar aon le cód rochtain, ag teastáil chun d'éileamh a dheimhniú.

Sonraí an éilimh

Uimhir thagartha an éilimh:	C00001162
-----------------------------	-----------

Tuilleadh faisnéise

Seoladh é seo chugat ar líne trí M'Fhiosruithe/ROS.

Dún ×

Léaráid 26. Admháil d'Éileamh CLC

Beidh ort an uimhir éilimh seo agus d'uimhir rochtana CLC a sholáthar do do dheimhnitheoir. Beidh sé seo mar do:

- Forbróir / Conraitheoir i gcás ceannaitheoirí tí nua,
- Díodóir – ag feidhmiú thar do cheann le haghaidh féin-tógála.

Iarratas ar Éileamh Grúpa CLC

Nuair a dhéanfaidh grúpa an t-iarratas, ní bheidh ach ar dhuine amháin de chuid an ghrúpa an t-éileamh a thíolacadh. Féadfaidh duine ar bith eile sa ghrúpa sciar na cánach aisíocaíochta a iontráil.

Cuimhnigh nach bhféadfaidh méid aisíocaíochta do dhuine aonair bheith níos mó ná méid a n-éileamh – cuireadh in iúl do gach duine sa ghrúpa ina n-aonar céard é a n-aisíocaíocht Cabhair le Ceannach. Ní fhéadfaidh an t-iomlán bheith níos mó ná an t-uasfaoiseamh atá ar fáil.

Éileamh Cabhair le Ceannach
Leithdháileadh Faoisimh Cánach

Déan uasfaoiseamh an ghrúpa atá ar fáil a leithdháileadh idir gach duine de bhaill an ghrúpa.

Uasfaoiseamh atá ar fáil: €17,500.00

Baill an ghrúpa

1. Ainm 1	<input type="text"/>
	€ <input type="text"/>
2. Ainm 2	<input type="text"/>
	€ <input type="text"/>
3. Ainm 3	<input type="text"/>
	€ <input type="text"/>
4. Ainm 4	<input type="text"/>
	€ <input type="text"/>
lomlán an fhaoisimh leithdháilte: <u>€0.00</u>	

Léaráid 27. Baill de Ghrúpa – Sciar an Fhaoisimh Cánach

Éileamh CLC a chealú

Tá an rogha agat d'éileamh a chealú sula ndéanann tú d'éileamh a shíniú agus a thíolacadh.

Éileamh um Chúnamh chun Ceannaigh

Cabhair le Ceannach

Tá éileamh ar feitheamh agat le Cúnamh chun Ceannaigh.

[Amharc →](#) [Cealaigh éileamh](#)

Éileamh um Chúnamh chun Ceannaigh

Achoimre

An bhfuil tú cinnte gur mian leat d'éileamh a chealú?

Tuilleadh faisnéise

Má chealaíonn tú d'éileamh, caillfear na sonraí go léir agus beidh ort tosú arís. Más mian leat éileamh eile a dhéanamh don dreasacht um Chúnamh chun Ceannaigh, beidh ort d'éileamh a thosú ón tús.

[Seol Isteach →](#)

Léaráid 28. Cuir an t-éileamh ar ceal

Má chealaítear éileamh, cuirfear é seo in iúl don duine aonair agus do gach ball den ghrúpa trí m'Fhiosruithe.

3. Céim fíorúcháin

Nuair a dhéantar an t-éileamh a thíolacadh, ba chóir duit é seo a chur in iúl do d'Fhorbróir / Conraitheoir, nó do do Dhlíodóir más féin-tógáil atá ann, agus uimhir an Éilimh agus an Cód rochtana a thabhairt dóibh. Sula ndéantar aisíocaíocht, is gá go ndéanfaidh duine de na daoine seo a leanas an t-eolas a chuir tú ar fáil a dheimhniú:

- d'Fhorbróir / Conraitheoir i gcás ceannach maoin cháilitheach, nó
- do Dhlíodóir i gcás féin-tógála.

Déanfar aisíocaíochtaí a phróiseáil agus a íoc chomh luath agus is féidir tar éis na sonraí a dheimhniú.

Conraitheoirí Cáilitheacha

Ní mór do Chonraitheoirí ar mian leo feidhmiú faoin dreasacht CLC iarratas a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim chun clárú mar 'Chonraitheoir Cáilitheach'. Beidh Conraitheoirí Cáilitheacha páirteach i ndiaidh Chéim an Éilimh sa phróiseas CLC agus iad ag deimhniú dhíolachán na maoin i gcás maoin cháilitheach.

Ní mór do Chonraitheoirí:

- iarratas a dhéanamh chun clárú mar Chonraitheoir Cáilitheach – féach foirm **HTB1**
- bheith comhlíontach ó thaobh cánach de – rud a chiallaíonn ríomh-Imréiteach Cánach a bheith acu agus ráta asbhainte Cáin Chonarthaí Iomchuí 0% nó 20%
- eolas ábhartha a thíolacadh i dtaca le 'háiteanna cónaithe cáilitheacha'.

Tá ainm agus uimhir CBL na gConraitheoirí Cáilitheacha ar fáil ar www.revenue.ie

Tá tuilleadh eolais faoi Chonraitheoirí Cáilitheacha ar fáil **anseo**.

Dlíodóirí

Má tá teach á fhéintógáil ag iarratasóir CLC, ní mór do dhlíodóir an iarratasóra an t-éileamh a fhíorú. Ní mór do dhlíodóirí ar an gcéad dul síos iarratas a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim le bheith mar dhlíodóir cláraithe le haghaidh na scéim CLC.

Le bheith mar dhlíodóir cláraithe chun éilimh CLC a fhíorú le haghaidh féintógála, ní mór do dhlíodóirí foirm **HTB2** a thíolacadh trí M'Fhiosruithe i ROS. Ba chóir é seo a thíolacadh leis an gcatagóir 'Scéim Cabhair le Ceannach – Faomhadh Dlíodóra' in M'Fhiosruithe.

Féadtar tuilleadh eolais ar dhlíodóirí a fháil **anseo**.

Eolas Breise

Má bhíonn aon cheisteanna agat i dtaca le CLC, ba chóir na ceisteanna a chur trí **m'Fhiosruithe**. Roghnaigh 'An Scéim um Chabhair le Ceannach' agus ansin roghnaigh an ceann-teideal cuí Ceannaitheora Céaduaire ón liosta anuas.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugtar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.